Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0014(NLE)**

**5430/22**
**ADD 1**

**PECHE 11**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Eanáir 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 23 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 23 final - IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: COM(2022) 23 final - IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.1.2022
COM(2022) 23 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís**

**IARSCRÍBHINN**

**Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís, arb é dáta a dhul in éag an 7 Nollaig 2021**

**Litir ón Aontas Eorpach**

A Dhaoine Uaisle,

Is díol sásaimh dom a dheimhniú go bhfuil an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís i gcomhaontú maidir leis na socruithe eatramhacha seo a leanas, lena gcuirtear síneadh leis an bPrótacal atá i bhfeidhm faoi láthair (an 8 Nollaig 2017 - an 7 Nollaig 2021), dá ngairtear 'an Prótacal' anseo feasta, lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís, go dtí go dtabharfar chun críche an chaibidlíocht maidir le hathnuachan an Phrótacail.

Dá bhrí sin, chomhaontaigh an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís an méid seo a leanas:

(1) Amhail ón 1 Eanáir 2022, nó ó aon dáta eile ina dhiaidh sin tar éis shíniú an Mhalartaithe Litreacha seo, déanfar na socruithe a bheidh i bhfeidhm le linn bhliain dheireanach an Phrótacail a athnuachan faoi na coinníollacha céanna go dtí go gcomhaontófar Prótacal nua agus go dtí go mbeidh an Prótacal sin infheidhme, ar feadh uastréimhse 6 mhí.

(2) Ranníocaíocht airgeadais an Aontais le go mbeadh rochtain ag soithí ar uiscí Oileán Mhuirís faoin gComhaontú seo um shíneadh, is fiú leath an mhéid bhliantúil í dá bhforáiltear faoi Airteagal 4 (2) (a) den Phrótacal, méid arb ionann é dá bhrí sin agus EUR 110 000, atá coibhéiseach le tonnáiste tagartha 2 000 tona. Déanfar an íocaíocht sin in aon tráthchuid amháin tráth nach déanaí ná 3 mhí ón dáta a chuirfear an Malartú Litreacha seo i bhfeidhm go sealadach. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 4, 5 agus 6 den Phrótacal seo.

(3) Faoin gComhaontú seo um shíneadh, EUR 110 000 a bheidh sa tacaíocht le haghaidh bheartas earnála iascaigh Oileán Mhuirís agus EUR 67 500 a bheidh sa tacaíocht chun an beartas muirí agus an geilleagar muirí a fhorbairt. Formheasfaidh an Comhchoiste dá bhforáiltear faoi Airteagal 9 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh an t-amchlár le haghaidh an mhéid sin de réir na bhforálacha a leagtar amach in Airteagal 5(1) den Phrótacal tráth nach déanaí ná 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Mhalartaithe Litreacha seo. Íocfar an ranníocaíocht airgeadais le haghaidh na tacaíochta earnála in aon tráthchuid amháin ar bhonn an chlársceidealaithe chomhaontaithe.

(4) I gcás go síneofar Prótacal nua de thoradh na caibidlíochta chun é a athnuachan agus go gcuirfear i bhfeidhm é (go sealadach) ina dhiaidh sin sula rachaidh an tréimhse 6 mhí dá bhforáiltear faoi phointe 1 thuas in éag, déanfar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear i bpointí (2) agus (3) thuas a laghdú *pro rata temporis*. Déanfar an méid a chomhfhreagraíonn don laghdú is infheidhme, a íocadh cheana, a asbhaint ón gcéad ranníocaíocht airgeadais atá dlite faoin bPrótacal nua.

(5) Le linn thréimhse feidhme an Chomhaontaithe seo um shíneadh, eiseofar údaruithe iascaireachta i gcomhréir le Caibidil II den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal. Beidh an táille réamhíocaíochta le haghaidh soithí peas-saighne agus soithí spiléireachta comhionann le leath na dtáillí a shocraítear i bpointe (3), fophointe 3, (a) go (c) de Chaibidil II den Iarscríbhinn i gcomhair na bliana deireanaí de chur i bhfeidhm an Phrótacail, agus beidh sí comhionann le leath na gcainníochtaí ábhartha den tuinnín agus de speicis atá cosúil leis an tuinnín dá dtagraítear i bpointe (3), fophointe 3, (a) go (c). Comhfhreagróidh an táille cheadúnais is infheidhme maidir le soithí soláthair do leath na táille dá bhforáiltear i bpointe (4) de Chaibidil II den Iarscríbhinn, agus dá bhrí sin EUR 2 000 a bheidh inti.

(6) Beidh na húdaruithe iascaireachta a eisítear faoin gComhaontú seo um shíneadh bailí go dtí deireadh fhad an tsínidh sin.

(7) A mhéid a bhaineann leis an tuairisciú gabhála a leagtar síos i gCaibidil III den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal, soláthróidh an tAontas sonraí gabhála maidir le gach soitheach údaraithe dá chuid d'Oileán Mhuirís roimh dheireadh gach ráithe. Soláthróidh Oileán Mhuirís, ar bhonn ráithiúil, sonraí gabhála faoi shoithí údaraithe de chuid an Aontais a gheofar ó logleabhair.

(8) I gcás gach soithigh peas-saighne agus gach soithigh spiléireachta, seolfaidh an tAontas ráiteas deiridh maidir leis na táillí atá le híoc ag an soitheach i ndáil lena gníomhaíochtaí iascaireachta le linn thréimhse an tsínidh le hOileán Mhuirís agus le húinéir na loinge ábhartha tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh thréimhse an tsínidh. I gcás ina bhfuil an méid atá sa ráiteas deiridh níos mó ná an táille réamhíocaíochta dá dtagraítear i bpointe (5), íocfaidh úinéir na loinge an t-iarmhéid atá gan íoc, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an ráiteas deiridh a fháil. Ní aisíocfar aon mhéid arna íoc ar an táille réamhíocaíochta a sháraíonn an ráiteas deiridh. A mhéid a bhaineann leis an tarraingt suas agus an nós imeachta atá le leanúint ag Oileán Mhuirís nuair a fhaightear an ráiteas deiridh agus nuair a chonspóidtear é, beidh feidhm ag pointe (5) de Chaibidil III *mutatis mutandis*.

(9) A mhéid a bhaineann le mairnéalaigh a ghlacadh ar bord mar a fhoráiltear i gCaibidil VII den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal, le linn a ngníomhaíochtaí in uiscí Oileán Mhuirís rachaidh seisear mairnéalach cáilithe de chuid Oileán Mhuirís ar bord loingeas an Aontais.

(10) Beidh feidhm shealadach ag an Malartú Litreacha seo amhail ón 1 Eanáir 2022, nó ó aon dáta eile ina dhiaidh sin tar éis a shínithe, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an dáta a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go bhfuil na nósanna imeachta is gá chun na críche sin curtha i gcrích acu.

Bheinn faoi chomaoin agat ach a chur in iúl go bhfuarthas an litir seo agus a dhearbhú go bhfuil Poblacht Oileán Mhuirís i gcomhaontú leis na téarmaí inti.

Mise le dúthracht duit,

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

**Litir ó Phoblacht Oileán Mhuirís**

A Dhaoine Uaisle,

Tá sé d'onóir agam a chur in iúl duit go bhfuarthas do litir dar dáta an lae inniu, atá mar seo a leanas:

'A Dhaoine Uaisle,

Is díol sásaimh dom a dheimhniú go bhfuil an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís i gcomhaontú maidir leis na socruithe eatramhacha seo a leanas, lena gcuirtear síneadh leis an bPrótacal atá i bhfeidhm faoi láthair (an 8 Nollaig 2017 - an 7 Nollaig 2021), dá ngairtear "an Prótacal" anseo feasta, lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís, go dtí go dtabharfar chun críche an chaibidlíocht maidir le hathnuachan an Phrótacail.

Dá bhrí sin, chomhaontaigh an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís an méid seo a leanas:

(1) Amhail ón 1 Eanáir 2022, nó ó aon dáta eile ina dhiaidh sin tar éis shíniú an Mhalartaithe Litreacha seo, déanfar na socruithe a bheidh i bhfeidhm le linn bhliain dheireanach an Phrótacail a athnuachan faoi na coinníollacha céanna go dtí go gcomhaontófar Prótacal nua agus go dtí go mbeidh an Prótacal sin infheidhme, ar feadh uastréimhse 6 mhí.

(2) Ranníocaíocht airgeadais an Aontais le go mbeadh rochtain ag soithí ar uiscí Oileán Mhuirís faoin gComhaontú seo um shíneadh, is fiú leath an mhéid bhliantúil í dá bhforáiltear faoi Airteagal 4 (2) (a) den Phrótacal, méid arb ionann é dá bhrí sin agus EUR 110 000, atá coibhéiseach le tonnáiste tagartha 2 000 tona. Déanfar an íocaíocht sin in aon tráthchuid amháin tráth nach déanaí ná 3 mhí ón dáta a chuirfear an Malartú Litreacha seo i bhfeidhm go sealadach. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 4, 5 agus 6 den Phrótacal seo.

(3) Faoin gComhaontú seo um shíneadh, EUR 110 000 a bheidh sa tacaíocht le haghaidh bheartas earnála iascaigh Oileán Mhuirís agus EUR 67 500 a bheidh sa tacaíocht chun an beartas muirí agus an geilleagar muirí a fhorbairt. Formheasfaidh an Comhchoiste dá bhforáiltear faoi Airteagal 9 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh an t-amchlár le haghaidh an mhéid sin de réir na bhforálacha a leagtar amach in Airteagal 5(1) den Phrótacal tráth nach déanaí ná 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Mhalartaithe Litreacha seo. Íocfar an ranníocaíocht airgeadais le haghaidh na tacaíochta earnála in aon tráthchuid amháin ar bhonn an chlársceidealaithe chomhaontaithe.

(4) I gcás go síneofar Prótacal nua de thoradh na caibidlíochta chun é a athnuachan agus go gcuirfear i bhfeidhm é (go sealadach) ina dhiaidh sin sula rachaidh an tréimhse 6 mhí dá bhforáiltear faoi phointe 1 thuas in éag, déanfar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear i bpointí (2) agus (3) thuas a laghdú *pro rata temporis*. Déanfar an méid a chomhfhreagraíonn don laghdú is infheidhme, a íocadh cheana, a asbhaint ón gcéad ranníocaíocht airgeadais atá dlite faoin bPrótacal nua.

(5) Le linn thréimhse feidhme an Chomhaontaithe seo um shíneadh, eiseofar údaruithe iascaireachta i gcomhréir le Caibidil II den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal. Beidh an táille réamhíocaíochta le haghaidh soithí peas-saighne agus soithí spiléireachta comhionann le leath na dtáillí a shocraítear i bpointe (3), fophointe 3, (a) go (c) de Chaibidil II den Iarscríbhinn i gcomhair na bliana deireanaí de chur i

bhfeidhm an Phrótacail, agus beidh sí comhionann le leath na gcainníochtaí ábhartha den tuinnín agus de speicis atá cosúil leis an tuinnín dá dtagraítear i bpointe (3), fophointe 3, (a) go (c). Comhfhreagróidh an táille cheadúnais is infheidhme maidir le soithí soláthair do leath na táille dá bhforáiltear i bpointe (4) de Chaibidil II den Iarscríbhinn, agus dá bhrí sin EUR 2 000 a bheidh inti.

(6) Beidh na húdaruithe iascaireachta a eisítear faoin gComhaontú seo um shíneadh bailí go dtí deireadh fhad an tsínidh sin.

(7) A mhéid a bhaineann leis an tuairisciú gabhála a leagtar síos i gCaibidil III den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal, soláthróidh an tAontas sonraí gabhála maidir le gach soitheach údaraithe dá chuid d'Oileán Mhuirís roimh dheireadh gach ráithe. Soláthróidh Oileán Mhuirís, ar bhonn ráithiúil, sonraí gabhála faoi shoithí údaraithe de chuid an Aontais a gheofar ó logleabhair.

(8) I gcás gach soithigh peas-saighne agus gach soithigh spiléireachta, seolfaidh an tAontas ráiteas deiridh maidir leis na táillí atá le híoc ag an soitheach i ndáil lena gníomhaíochtaí iascaireachta le linn thréimhse an tsínidh le hOileán Mhuirís agus le húinéir na loinge ábhartha tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh thréimhse an tsínidh. I gcás ina bhfuil an méid atá sa ráiteas deiridh níos mó ná an táille réamhíocaíochta dá dtagraítear i bpointe (5), íocfaidh úinéir na loinge an t-iarmhéid atá gan íoc, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an ráiteas deiridh a fháil. Ní aisíocfar aon mhéid arna íoc ar an táille réamhíocaíochta a sháraíonn an ráiteas deiridh. A mhéid a bhaineann leis an tarraingt suas agus an nós imeachta atá le leanúint ag Oileán Mhuirís nuair a fhaightear an ráiteas deiridh agus nuair a chonspóidtear é, beidh feidhm ag pointe (5) de Chaibidil III *mutatis mutandis*.

(9) A mhéid a bhaineann le mairnéalaigh a ghlacadh ar bord mar a fhoráiltear i gCaibidil VII den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal, le linn a ngníomhaíochtaí in uiscí Oileán Mhuirís rachaidh seisear mairnéalach cáilithe de chuid Oileán Mhuirís ar bord loingeas an Aontais.

(10) Beidh feidhm shealadach ag an Malartú Litreacha seo amhail ón 1 Eanáir 2022, nó ó aon dáta eile ina dhiaidh sin tar éis a shínithe, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an dáta a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go bhfuil na nósanna imeachta is gá chun na críche sin curtha i gcrích acu.

Bheinn faoi chomaoin agat ach a chur in iúl go bhfuarthas an litir seo agus a dhearbhú go bhfuil Poblacht Oileán Mhuirís i gcomhaontú leis na téarmaí inti.

Mise le dúthracht duit,'

Is féidir liom a dhearbhú go nglacann Poblacht Oileán Mhuirís le hábhar do litreach.

Is é atá i do litir agus sa litir seo, i dteannta a chéile, Comhaontú i gcomhréir le do thogra.

Mise le dúthracht duit,

Thar ceann Phoblacht Oileán Mhuirís.